

An Ghearr Dhéanach (GIONACH-DINNEEN)

Fear a bhí ann, fear mór le rádh. Bhí sé pósta. Cailleadh a bhean. Nuair a cailleadh a bhean ní raibh aige ach aon inghean amháin. Nuair a bhí sé sgathamh ina bhaintreabhach agus a inghean ina cailín mhaith ghabh sé agus phós sé dreithiúr dochtúra. Nuair a bhí an dara bean seo sgathamh pósta thosuigh gráin a' teacht aice ar inghin na mná eile, inghean a fir, níor stop sí ariamh go bhfuair sí an ghearr dhéanach gur chuir sí i bpíosa aráin í don ghirrsigh seo gur ith an ghirrseach í. Nuair a bhí an ghearr dhéanach ithte annsin aice agus agus í ina bolg níorbh féidir beatha a choinneáil léithe. Chuir an leasmháthair litir chuig a dreatháir an dochtúr a rádh nár fhéad sí beatha a choinneáil leis an gcailín, an leas-inghean. Sgríobh an dochtúr chuide a rádh an leas-inghean a chur chó fada leis. D'éirigh an leas mháthair ar maidin agus ghléas sí beatha don chailín.

Dubhairt sí léithe go gcaithfeadh sí dhul ar teachtaireacht chó fada leis an dochtúr agus thug sí rud eicint dí faoi chlúdach le tabhairt don dochtúr. D'imthigh an cailín léithe. Bhí sí leath bealaigh nuair a bhuail an t-ocras í. Ní raibh sí indon siubhal. Casadh asal caillte dí. Bhí an oiread ocra uirthे gur thosuigh sí ag ithe an asail. Bhí sí dhá ithe gur iompuigh an t-asal í. Nuair a d'iompuigh sé í d'iompuigh sé go maith í. Nuair a bhí an t-iompú imthighe dí d'éirigh sí ina seasamh agus ní raibh aon aithne agat nach raibh sgiatháin uirthे go dtáinig sí isteach ag an dochtúr. Níor fhan blas uirthे. Shín sí an beart ag an dochtúr. Bhí litir istigh ann. Thug an dochtúr amach an litir. Leagadh biadh ag an gcailín. Níor ith sí aon bhlas de ach blogam a d'ól sí. "Nach bhfuil tú i ndon aon bhlas ithe ach mar sin?" adeir an dochtúr. "Níl" adeir sí.

"Agus nach raibh tú indon aon bhlas ithe ariamh ach mar sin?" adeir an dochtúr. "Bhí," adeir sí, "agus le bliain níorbh fhéidir beatha a choinneáil liom. Bhí an oiread ocra orm a teacht annseo gur ith mé cuid d'asal caillte a casadh liom ar an mbóthar.

Chuir feoil an asail iompú orm agus chuir mé amach an méid a bhí i mo bholg. Shílfeá go dtáinig sgiatháin ar mórshiubhal ina dhiaidh sin," adeir sí. "Á" adeir sé, "an ghearr dhéanach a thug do leas-mháthair dhuit a bhí i do bolg agus ní raibh leigheas indán duit gur leigheas an t-asal beannuighthe thú. Ní rachaidh tú ar ais ag do leas-mháthair níos mó adeir sé a bhí ag iarraidh droch chaoi a chur ort."

D'fhan an cailín ag an dochtúr. Sgríobh an leas mháthair chuige a fiafrúighe dhe an bhfaca sé an cailín. Sgríobh sé a rádh nach bhfaca, nár tháinig sí. Tháinig an leas-mháthair annsin di haimhreas ar an dochtur chun a' tighe.

Nuair a tháinig sí chó fada leis an dochtúr bhí an cailín curtha in áit eicint nach raibh amharc uirthे. Dubhairt sé le na dhreithiúir gur rud eicint a d'éirigh don chailín ar an mbealach. Ní

raibh aice ach imtheacht abhaile arís, ní raibh aon tuairisc le fagháil aice ar an gcailín ón dochtúr ná ag an athair, ní raibh aon iarraidh fúithe ní ba mhó.

Ní raibh an cailín i bhfad ag an dochtúr nuair bhí sí ina bean agus phós sé í. Is gearr go dtáinig an leas-mháthair ag an dochtúr arís. Dubhairt sí nach raibh lá ó d'imthigh an leas-inghean nach raibh sí ag aireachtáil pian ina croidhe.

"Níorbh iongantas ar bith liomsa dá bhfásadh crann ar do chroidhe, ach níl mise a dul a déanamh dochtúireacht, fág dochtúr eicint eile." Ghabh sí abhaile, luigh sí ar a leaba, agus níor chuir sí fios ar aon dochtúr.

Nuair a cailleadh í fritheadh dochtúr a d'fhosgail í. Bhí crann fásta ar a croidhe. Bhí sé chó fada le cos sgine. Thug an dreatháir an crann abhaile leis. Rinne sé cos sgine dhe. Thug sé an sgian don bhuachaill aimsire, bhíodh an buachaill aimsire a gearradh luibheanna léithe agus cabáiste. Ní fada a bhí sé a gabhail de'n cabáiste léithe nuair a leagh cois na sgine agus níor fhan blas dhe.

Ag á mháthair a chuala Micilín an sgéal seo.

11-1-1933.

Gearr dhéanach - péist bheag, bíonn sé sa mbrobh, tá sé ina leath-fhocal. "Caithfeadh sé go bhfuil an geann déanach i do bholg" a rádh le duine a mbeadh an-dúil i mbiadh nó i ndigh aige.

Tá an focal "gionnach" ag Dinneen.

Fárnadóireacht Nuair a bhéas tú ag iarraidh rud nach mbeadh le faghail go luath agat
Nuair a tháinig mise annsin agus nach raibh rud le feiceál agam is a farnadóireacht a bhí nó go bhfeicinn duine eicint.

Faoitheamh (ú) Nuair a bheadh tinneas mór ort an t-am measa don tinneas sin faoitheamh
Tá a gul trí faoitheamh.

Goin ar ghoin le ocras, goin ocrais
Ag iasgach bí ar do ghoin anois nuair a bhaineas an breac streachailt ar an ruaim, sin goin.
Nuair a bhaineas an t-iasgaire streachailt as an druga, sin goin.
Thug sí goin don bhreac agus bhuail sí an breac, chuir sí an dubhán ann.